



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí

Amharc-Ealaín

Leabhar Oibre
Leibhéal Comónta

SAMPLA

Tá 200 marc ag gabháil leis an Measúnú Deiridh
Tá 100 marc ag gabháil leis an leabhar oibre seo

NÁ BEIRTEAR AN LEABHAR OIBRE SEO AMACH AS AN SCOIL

Uimhir Rolla na Scoile: _____

Scrúduimhir an Iarrthóra: _____

Treoracha d'Iarrthóirí

- 1 Ba chóir go mbeadh do chuid oibre físiúil ó nádúr den chuid is mó.
- 2 Ní mór duit leabhar oibre comhlíonta ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit mar aon le dhá dhéantán fhíoraithe a chur isteach don Mheasúnú Deiridh. Is den riachtanas é go mbeadh do dhéantáin fhíoraithe bunaithe ar an eolas físiúil agus scríofa atá rianaithe sa leabhar oibre seo. Ní mór an obair ar fad a chuireann tú isteach a bheith bunaithe ar cheann amháin de na téamaí atá luaite sa Treoir d'Amharc-Ealaín na Sraithe Sóisearaí.
- 3 Ba chóir go mbeadh oibriú ó fhoinsí príomha bunaithe ar an téama a roghnaigh tú ina shainghné de do shaothar le linn do thionscadail. Is é atá i gceist le foinsí príomha ná foinsí fisiceacha nó coincheapúla a bhreathnaítear ina mbunchruth agus nach gcuirtear in iúl trí idirmhíniú duine eile. Is ceadmhach úsáid a bhaint as meascán d'fhoinsí fisiceacha agus d'fhoinsí coincheapúla (agus tú ag obair ó do shamhlaíocht, ó chuimhne nó ó do mhothúcháin).
- 4 Ní mór duit a chinntiú gur féidir an t-ábhar a roghnaíonn tú ar do théama a iniúchadh ar bhealach físiúil, mar shampla: le líníocht, le staidéir dathanna a dhéanamh, le húsáid a bhaint as grianghrafadóireacht, le staidéir thríthoiseacha a dhéanamh agus le húsáid a bhaint as bealaí eile chun a bhfeiceann agus a samhlaíonn tú a thaifeadadh. Caithfidh tú úsáid a bhaint as na híomhánna a chonaic tú agus/nó a shamhlaigh tú féin.
- 5 Ba chóir go mbeadh tagairtí do chultúr agus léirtheiscint fhísiúil le feiceáil go soiléir i do thionscadal. Is é sin le rá, gur chóir duit a thaispeáint an dóigh ar imir saothar, teicnící agus smaointe ealaíontóirí eile tionchar ar do chuid oibre féin. Mar sin moltar duit cuairt a thabhairt ar ghailearaithe, ar mhúsaeim, ar stiúideonna agus ar láithreacha cuí eile d'fhonn taithí phearsanta ar ealaín, ar cheardaíocht agus ar obair dheartha ealaíontóirí eile a fháil.
- 6 Nuair a bhaineann tú úsáid as foinsí taighde, an tIdirlíon san áireamh, ní mór duit aitheantas a thabhairt do na foinsí sin. Ní bhronnfar aon mharcanna ar ábhar taighde atá cóipeáilte go díreach ón Idirlíon nó ó fhoinsí eile agus a chuirtear i láthair mar do chuid oibre féin.
- 7 Ba chóir go dtaispeánfadh an obair i do leabhar oibre go soiléir próiseas forbartha do smaointe, is é sin go moltaí deiridh agus ansin go déanamh na ndéantán a chuireann tú i gcrích. Ba chóir go mbeadh tagairt ansin do na cinntí suntasacha a rinne tú. Ba chóir duit nótaí ábhartha a scríobh mar is iomchuí.
- 8 Sa leabhar oibre ní mór duit líníocht bhreathnaitheach agus anailíseach a thaispeáint chomh maith le húsáid a bhaint as an líníocht d'fhonn do smaointe i raon meán a fhorbairt.
- 9 Ní mór duit bheith ag obair go díreach isteach sa leabhar oibre seo. Ní ceadmhach bileoga breise a chur leis an leabhar oibre d'fhonn an t-achar oibre atá ar fáil a mhéadú. Ach mar sin féin, tá cead agat roinnt staidéar nó grianghraf a dhéanamh taobh amuigh den seomra ranga agus iad a chur isteach i do leabhar oibre. Ní mór do do mhúinteoir a bheith in ann iad seo a dheimhniú mar do chuid oibre féin.
- 10 I ndiaidh duit do dhéantáin fhíoraithe a dhéanamh déanfaidh tú machnamh ar do shaothar agus déanfaidh tú é a mheas. Déanfaidh tú an machnamh seo a thaifeadadh i do leabhar oibre. Ní triail fhoirmeálta ar do chuid scríbhneoireachta í seo ach bealach ina bhféadfaidh tú seasamh le do chuid oibre, chomh maith le critíc agus meastóireacht a dhéanamh uirthi.
- 11 Féadfaidh tú samplaí d'obair thrialach, a rinne tú féin sa seomra ealaíne le linn duit bheith ag gabháil don tionscadal, a chur isteach i do leabhar oibre, ar nós greamanna bróidnéireachta ar fhabraic, meascán dathanna, trialacha uigeachta, trialacha ar chúldathanna éagsúla, do ghrianghraif féin, gabhálacha scáileáin, asphriontaí de do bhunábhar féin agus nótaí scríofa. Ba chóir go mbeadh na samplaí (cúldathanna agus obair thrialach, etc.) a ghreamaíonn tú isteach beag go leor go mbeidh dóthain spáis agat le do chuid oibre a dhéanamh go díreach sa leabhar oibre.
- 12 Ba chóir scála do chuid oibre bheith in oiriúint don am atá ar fáil agus do na teicnící, do na bunábhair agus do na meáin a mbaineann tú úsáid astu. Ba chóir toise A5 ar a laghad agus A2 ar a mhéad bheith ar na déantáin fhíoraithe dhéthoiseacha. Níor chóir go mbeadh na déantáin fhíoraithe thríthoiseacha níos mó ná 1 mhéadar ar an toise is mó. I gcás obair scannánaíochta, beochana, etc., níor chóir go mairfeadh sí níos lú ná 1 nóiméad nó níos mó ná 3 nóiméad.

Rialúcháin

- 1 Ní mór do thionscadal a chur i gcrích faoin dáta atá luaite ar an Treoir d'Obair Chúrsa Amharc-Ealaín na Sraithe Sóisearaí.
- 2 Ní ceadmhach do leabhar oibre ná na déantáin fhíoraithe a bhreith leat amach as an scoil ar chúinsí ar bith. Má dhéantar sin measfar do thionscadal bheith neamhbhailí agus ní bhronnfar aon mharcanna.
- 3 Ní mór duit do thionscadal pearsanta ar leith a chur isteach.
- 4 Níor chóir ábhair shomheata a úsáid faoi choinne do chuid oibre agus ba chóir dóibh a bheith sách láidir lena chinntiú go mbeidh do chuid oibre slán faoi choinne phróisis na marcála agus an achomhairc.
- 5 Ní mór duit d'uimhir scrúdaithe a chur ar an leabhar oibre agus ar do shaothair fhíoraithe agus úsáid á baint agat as na lipéid atá curtha ar fáil chuige sin.
- 6 D'fhonn is go mbeidh do mhúinteoir Ealaíne in ann do thionscadal a bhailíochtú agus chun a chinntiú go mbeidh na srianta céanna i bhfeidhm i gcás na n-iarrthóirí go léir, cé is moite de staidéir agus de ghrianghraif d'fhoinsí príomha a rinneadh taobh amuigh den scoil, ní mór an leabhar oibre agus na saothair fhíoraithe a dhéanamh ina n-iomláine sa scoil faoi mhaoirseacht domhúinteora.
- 7 Beidh ar do mhúinteoir Ealaíne agus ar Phríomhoide do scoile doiciméad a shíniú ag dearbhú gur lean tú na treoracha seo. Is mar seo a bhailíochtaítear do thionscadal faoi choinne measúnaithe. Ní mór dóibh Coimisiún na Scrúduithe Stáit a chur ar an eolas murar lean tú na treoracha seo go léir. Má chuireann tú isteach tionscadal nach féidir le do Mhúinteoir Ealaíne ná le do Phríomhoide a bhailíochtú, ní bhronnfar aon mharcanna ar do thionscadal.
- 8 Fiú má dhéanann an scoil an obair a fhíordheimhniú, má bhítear in amhras faoi chóipeáil, faoi chuidiú míchuí ó pháirtí eile, faoi bhradaíl nó go bhfuarthas obair ó pháirtí eile, déanfar sin a fhiosrú go mionchúiseach agus más gá déileálfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit leis go hiomchuí.
- 9 Is ortsa mar iarrthóir atá an fhreagracht as cloí leis na treorachaseo.

An Leabhar Oibre: Treoracha

Sa leabhar oibre seo ní mór duit líníocht bhreathnaitheach agus anailíseach a thaispeáint chomh maith le húsáid a bhaint as líníocht chun smaointe i raon meán a fhorbairt.

Ní gá go mbeadh na leathanaigh glan agus slachtmhar, ach ba chóir dóibh d'imscrúdú amhairc agus do smaointe a léiriú. Moltar duit do smaointe is do mholtaí a thaispeáint i do léiriúcháin/sceitsí/staidéir in ionad léiriúcháin am-íditheacha ard-fhíoraithe a chur i láthair. Is ceadmhach samplaí d'obair thrialach atá déanta agat a isteach ar nós: greamanna bróidnéireachta ar fhabraic, meascán dathanna, trialacha uigeachta, trialacha ar chúlathanna éagsúla agus grianghraif. Má roghnaíonn tú obair thríthoiseach (3D) a chur isteach tá grianghraif de do chuid oibre ceadaithe.

Bain úsáid as na ceanteidil atá sa leabhar oibre seo chun cuidiú leat do Dhéantáin Fhíoraithe a fhorbairt.

- 1 **An Fhoirm Cuir in Iúl agus Déan Machnamh**- Déan an fhoirm seo a chomhlíonadh i dtosach. Tá an t-eolas atá san fhoirm seo bunaithe ar do chuid oibre críochnaithe faoi choinne Measúnú Rangbhunaithe 2.
- 2 **An Bhileog Thionchar**- ba chóir tagairtí do chultúr agus do léirtheiscint fhísiúil a bheith fite fuaite lena chéile i do thionscadal. Ba chóir duit a thaispeáint ar bhealach físiúil an dóigh ar imir saothar, teicnící agus smaointe ealaíontóirí eile tionchar ar do chuid oibre féin. Is ceadmhach obair a dhéanamh ar an mbileog seo le linn duit bheith ag obair ar do thionscadal.
- 3 **Bileog Forbartha 1 & 2 faoi choinne gach ceann de na Déantáin Fhíoraithe**- Is den riachtanas é go gcaitheann tú dóthain ama ag forbairt is ag míniú do chuid smaointe agus do theicnící d'fhonn is go mbeidh tú in ann an saothar ealaíne is fearr is féidir leat a chruthú. Baintear úsáid as na bileoga forbartha chun na céimeanna a thugann tú a thairfeadh agus tú ag forbairt do smaointe is do mholtaí faoi choinne do Dhéantán Fíoraithe. Nuair a bheas moltaí faoi choinne do Dhéantán Fíoraithe forbartha agat, déan sceitse de do mholtaí faoi choinne gach ceann de na Déantáin Fhíoraithe ar Bhileog Forbartha 2, ansin gabh ar aghaidh agus déan do shaothair a chur i gcrích.
- 4 **Machnamh agus Meastóireacht**-faoi choinne gach ceann de na Déantáin Fhíoraithe – Ba chóir duit iad seo a chomhlíonadh i ndiaidh duit do Dhéantáin Fhíoraithe a chur i gcrích. Ní triail fhoirmeálta ar do chuid scríbhneoireachta é seo ach bealach ina bhféadfaidh tú seasamh le do chuid oibre, chomh maith le critic agus meastóireacht a dhéanamh uirthi.

Foirm 'Cuir in Iúl agus Déan Machnamh'

Measúnú Rang-bhunaithe 1 [MRB 1]

Faoi choinne **MRB 1** roghnaigh mé an Téama:

Faoi choinne **MRB 1** roghnaigh mé an Snáithe (cuir tic le ceann amháin):

Ealaín

Ceardaíocht

Dearadh

Faoi choinne **MRB 1**, bhí mo chuid oibre tríthoiseach (cuir tic le ceann amháin):

Bhí

Ní raibh

Measúnú Rang-bhunaithe 2 [MRB 2]

Dáta tosaigh: _____

Dáta deiridh: _____

Faoi choinne **MRB 2** roghnaigh mé an Téama:

Faoi choinne **MRB 2** bhí an dá Shnáithe seo fanta (cuir tic le dhá cheann):

Ealaín

Ceardaíocht

Dearadh

Chuir mé samplaí den obair, atá cruthaithe agam cheana, i dtoll a chéile agus chuir mé i láthair mo mhúinteora agus i láthair mo phiaraí iad.

Cúiseanna

Is iad na príomhchúiseanna ar roghnaigh mé an obair a chuir mé i láthair ná:

Aiseolas

Luaigh cuid den aiseolas a fuair mé:

Bileog na dTionchar

Bunaithe ar mo smaointe féin, ar an obair atá déanta cheana agam agus i bhfianaise an aiseolais a fuair mé ba mhaith liom m'obair ealaíne sa dá Shnáithe atá fágtha a fhorbairt mar seo:

Déantán 1:

Déantán 2:

SAMPLE

SAMPLE

SAMPLE

SAMPLE

SAMPLE

SAMPLE

SAMPLE

SAMPLE

SAMPLE

SAMPLE

